Comhairle Chontae na Gaillimhe **Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2020** **Bileog Eolais**	Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council	Galway County Council Pádraig Pearse Gaeltacht Scholarships 2020 Information Leaflet

An dáta deiridh a ghlacfar le Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe do na Scoláireachtaí: **11 Feabhra 2020 ag 4.00 i.n.**	Deadline for the receipt of Completed Application Forms for the scholarships is: **11 February 2020 at 4.00 pm**
Cúlra **Bhunaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe scéim scoláireachtaí (Coláistí Samhraidh Gaeltachta) in 2016, chun aitheantas a thabhairt maidir leis an dlúthbhaint a bhí ag Pádraig Mac Piarais le Contae na Gaillimhe. B'oideoir tiomanta é Pádraig Mac Piarais agus bhunaigh sé scoileanna i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh. Is minic a thug sé daltaí go Conamara chun Gaeilge a fhoghlaim.**	Background A Gaeltacht Summer College scholarship scheme was established by Galway County Council in 2016 in recognition of the strong ties between Pádraig Mac Piarais and the County of Galway. Pádraig Mac Piarais was a committed educator and set up schools both in Dublin and in Galway. He often brought Irish students to Conamara in order to learn Irish.
<u>Sonraí na Scéime</u> • **Cuimsíonn an scéim 12 scoláireacht (ag brath ar éileamh agus ar an soláthar) – beidh leath de na scoláireachtaí maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus beidh an chuid eile maoinithe go caoithiúil idir an gComhairle Chontae agus na Coláistí Gaeltachta, liostaithe ar an bhFoirm Iarratais.** • **Maoineoidh na scoláireachtaí seo freastal na ndaltaí cáilitheacha iarbhunoideachais ar sé Choláiste Samhraidh Gaeltachta i gContae na Gaillimhe.** • **Beidh cúig cinn de na scoláireachtaí curtha in áirithe chun deis a thabhairt dóibh siúd a bhféadfadh sé nach mbeadh an deis sin acu freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta gan scoláireacht dá leithéid. Bronnfar scoláireacht amháin acu seo i ngach ceann de na 5 Cheantar Bardasach atá i gContae na Gaillimhe – Baile Átha an Rí-Órán Mór, Béal Átha na Sluaighe, Conamara, Baile Locha Riach agus Tuaim.** • **Chun cáiliú do na scoláireachtaí seo atá in áirithe, caithfidh an t-iarrthóir díolúine a bheith faighte acu ó tháillí na scrúduithe stáit don Teastas Sóisearach. Caithfidh an fhoirm iarratais a bheith stampáilte agus sínithe ag scoil an iarrthóra chun é seo a dhearbhú.**	<u>Scheme Details</u> • The scheme is made up of **12 Scholarships** (dependent on demand and availability) comprising of – Full Scholarships funded by Galway County Council and also, Scholarships sponsored equally between the Council and the Gaeltacht Colleges listed on the Application Form. • The scholarships will fund the attendance of qualifying second level students at six Gaeltacht Summer Colleges in the County of Galway. • 5 of the Scholarships will be reserved to afford those who may not otherwise have the opportunity to attend Summer Gaeltacht Courses the opportunity to do so. One of these reserved scholarships will be presented in each of the 5 Municipal Districts of the County of Galway – Athenry-Oranmore, Ballinasloe, Conamara, Loughrea and Tuam. • To qualify for these reserved scholarships the applicant must have received an exemption from the state exams fees for the Junior Certificate. The application form must be stamped and signed by the applicant's school to confirm same.

Coinníollacha na Scéime	Scheme Conditions
- Tá an scéim scoláireachtaí oscailte do dhaltaí dara leibhéal a bhfuil cónaí orthu i gContae na Gaillimhe (níl Cathair na Gaillimhe san áireamh sa scéim). - Bronnfar 5 Scoláireacht (ceann i ngach Ceantar Bardasach) ar iarrthóirí a ndearbhaíonn a scoil go bhfuil díolúine faighte acu ó tháillí an Teastais Shóisearaigh san am atá caite. - Caithfidh iarrthóirí a mbronntar scoláireachtaí orthu éarlais in-aisíoctha de €100 a íoc leis an gColáiste Gaeltachta atá i gceist, éarlais a aisíocfar ar chríochnú sásúil an chúrsa. - Déanfar cinneadh maidir le scoláireachtaí trí tharraingt oscailte d'iarrthóirí incháilithe. - Mura bhfuil sé indéanta scoláireacht a ofráil do rogha coláiste an iarrthóra rathúil, ofrálfar an chéad rogha eile is airde atá ar fáil. - Mura bhfuil rogha leantach léirithe/ ar fáil ní bheifear in ann an t-iarratas a mheas chun coláistí eile a ofráil. - Is do chúrsaí **mhí Iúil (tosaíonn cúrsa mhí Iúil ag deireadh mhí an Mheithimh) & Lúnasa 2020** amháin iad na scoláireachtaí seachas má tá **áit curtha in áirithe go neamhspleách ag iarrthóir rathúil ag coláiste do chúrsa mhí an Mheithimh 2020** agus go dtagann sé sin le torthaí na tarraingthe. - Ní féidir le haon dalta a bronnadh Scoláireacht Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais orthu roimhe seo, iarratas a dhéanamh ar na Scoláireachtaí arís.	- The scholarship scheme is open to second level students resident in the County of Galway (excluding Galway City). - 5 Scholarships (one in each municipal district) will be presented to applicants whose School confirms that they were exempted Junior Certificate state exams fees in the past. - Successful scholarship recipients must pay a refundable deposit of €100 to the Gaeltacht College in question which will be repaid on the satisfactory completion of the course. - Scholarships will be decided by an open draw of qualifying candidates. - If it is not possible to offer a scholarship for the successful applicants preferred college, the next highest available preference will be offered. - If a following preference is not indicated/ available, it will not be possible to consider the application for offer in other colleges. - The Scholarships are for the the **July (July Course commences at the end of June) & August 2020 courses** only unless a successful applicant has already independently **reserved a place at a college for the June 2020 course** and that matches the outcome of the draw. - Students who have previously been awarded a Pádraig Pearse Gaeltacht Scholarship are not eligible to apply.

Seol an Fhoirm Iarratais ar aghaidh le do thoil chuig:	Please submit Application Form to:
Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2020, **f/ch Oifigeach Forbartha na Gaeilge,** **Comhairle Chontae na Gaillimhe,** **Áras an Chontae,** **Cnoc na Radharc,** **Gaillimh.** **H91 H6KX**	Pádraig Pearse Gaeltacht Scholarships 2020, C/O Irish Development Officer, Galway County Council, Áras an Chontae, Prospect Hill, Galway. H91 H6KX
Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe teagmháil le tuismitheoir/ caomhnóir an iarratasóra, ar r-phost, chun toradh a n-iarratais a chur in iúl dóibh. - **Chun tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chuig** gaeilge@cocogaillimh.ie **nó glaoigh ar 091 509030.**	Galway County Council will contact the parent/ guardian of each applicant, by email, to advise them of the outcome of their application - For further information, email gaeilge@cocogaillimh.ie or phone 091 509030.